Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2025
(OR. en)**

**11030/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0189(NLE)**

**ECOFIN 921
UEM 372
FIN 797
*ECB*
*EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Fhionlainn an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 27 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 14 Márta 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4] agus an 16 Iúil 2024[5].

(2) An 30 Aibreán 2025, rinne an Fhionlainn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh go páirteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bhFionlainn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Fhionlainn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le cúig bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 12524/21 agus ST 12524/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 6991/23 agus ST 6991/23 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST 15836/23 agus ST 15836/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[5] Féach doiciméid ST 11535/24 agus ST 11535/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Fhionlainn nach féidir sprioc 102 faoi bheart P3C3I1 (Pacáiste cistiúcháin TFN lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn – Príomhchuideachtaí) faoi chomhchuid P3C3 (TFN, bonneagar taighde agus píolótú) a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar mhoilleanna ar nósanna imeachta soláthair mar gheall ar chogadh foghach na Rúise agus rátaí úis gaolmhara níos airde. Ar an mbonn sin, d’iarr an Fhionlainn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 102 agus go ndéanfaí leasú ar an dtuairisc ar an mbeart comhfhreagrach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Fhionlainn nach féidir cloch mhíle 15 faoi bheart P1C2R2 (Cur chun cinn straitéiseach an gheilleagair chiorclaigh agus athchóiriú ar an Acht Dramhaíola) faoi chomhchuid P1C2 (Athchóirithe tionsclaíocha agus infheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach) a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar mhoilleanna ar phróiseáil moltaí gealltanais agus ar chineál deonach na ngealltanas. Ar an mbonn sin, d’iarr an Fhionlainn go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na cloiche míle agus go ndéanfaí leasú ar an dtuairisc ar an mbeart. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Fhionlainn nach féidir beart P2C2I3 (Dlús a chur le príomhtheicneolaíochtaí (micrealeictreonaic, 6G, intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach) faoi chomhchuid P2C2 (Dlús a chur leis an ngeilleagar sonraí agus leis an digitiú) a bhaint amach a thuilleadh go páirteach, mar gheall ar éileamh margaidh níos ísle ar thionscadail 6G, IS agus ríomhaireachta candamaí ná mar a tuaradh ar dtús, arna chúiteamh le héileamh margaidh níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis ar thionscadail mhicrileictreonaice. Ar an mbonn sin, d’iarr an Fhionlainn go ndéanfaí spriocanna 65 agus 67 a chumasc, ach gan uaillmhian an bhirt a laghdú ag an am céanna. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Mhínigh an Fhionlainn go ndearnadh dhá bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh na mbeart sin a bhaint amach. Baineann sé sin le sprioc 8 faoi bheart P1C1I2 (Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí nua fuinnimh) faoi chomhchuid P1C1 (Claochlú an chórais fuinnimh) agus beart P5C1I1 (Infheistíochtaí le haghaidh aistriú glan) faoi chomhchuid P5C1 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Fhionlainn go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bhFionlainn, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(9) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Fhionlainn i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúchán ar earráidí cléireachais*

(10) Sainaithníodh 4 earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021, lena ndéantar difear do chloch mhíle amháin agus do 4 bheart faoi 3 chomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 27 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Fhionlainn. Baineann na hearráidí cléireachais sin le cloch mhíle 33 de bheart P1C3I2 (Clár um Thimpeallacht Thógtha Ísealcharbóin) faoi chomhchuid P1C3 (Tionchair aeráide agus chomhshaoil an stoic foirgneamh a laghdú) agus an tuairisc ar na bearta seo a leanas: P1C2I1 (Gabháil agus úsáid hidrigine ísealcharbóin agus carbóin) faoi chomhchuid P1C2 (Athchóirithe tionsclaíocha agus infheistíochtaí chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach), P1C5R1 (Nuachóiriú ar an reachtaíocht maidir le caomhnú an dúlra) faoi chomhchuid P1C5 (Inbhuanaitheacht chomhshaoil agus réitigh dhúlrabhunaithe), agus P2C2R1 (An córas faisnéise maoine cónaithe agus tráchtála a fhorbairt) faoi chomhchuid P2C2 (Dlús a chur leis an ngeilleagar sonraí agus leis an digitiú). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(11) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Fhionlainn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Measúnú dearfach***

(13) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a leagan amach.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(14) Is é EUR 1 949 227 000 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fionlainne. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don bhFionlainn, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fionlainne, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le méid iomlán na huas-ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil le haghaidh phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fionlainne. EUR 1 949 059 854 atá sa mhéid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don bhFionlainn.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fionlainne mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

*Formheas an* mheasúnaithe *ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fionlainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t- amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n- áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Fionlainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*